Briathra cogaidh ’gon chath Laighnech

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 40]

Bríathra cogaidh con chath Laighnech,
cath lé ngorthoir gallchloch,
atá triall ar nach téid toirmesc
con fhéin ó iath Almhan.
Tic in damhraidsi dá nderbadh
gallbailti gan ghalldacht.
Is gerr inn aga gan imthecht
a cenn chatha in Calbach.
Ar scibadh greg suaichnidh sibhlach
gluaisit gusin ngallchath,
ar scibadh a lúirech loindrech,
a crúisiuch ’sa carbad,
’sa sciath n-asnach do chlecht comrac,
’sa scabal mbrec mballghlas,
ar ngormadh clogat corr coinnlech,
’sar clochadh colg raghlas,
sibal con tshlógh fhíchmar Fhailghech,
ar limadh bróg mbarrlag.
Tógbhaid anocht ortha ac imthecht
cor gortha don ghalldacht.
Coinne in tshluaighsi gá tá a tennguth
a Ráth Guaire gabthur.
Áth Truimm ar dheóradhuib dergas
beóghasraidh fhuind Alman,
co leiget sein gaeith tre ghalltor,
láeich a leith a farchadh.
Sibal dána ón oirecht Fhailghech,
Droiched Átha d’adhnadh;
co hÁth Cliath, ní cuairt can chennseal,
do-sía cuairt ón Chalbhach.
Cin agon lethanchath Laighnech
a Cethurlach carntar.
Co Cill Coinnigh nochar chromsat,
in toisg-sin is tarbach.
Hí Fhailghi, is dá n-eiri ac immthecht
aighne is greidle gallchloch;
is imdha ón Fhailghech ar immchur
- gaillcherc agus ganndal.
Sreth cabún ac techt ’na theghlach,
sreth bagún is brannrad.
A n-eiri ón echtra-sin Fhailghech
ar echlachuibh d’adhbras.
Géill fa shíthlaibh óir gá n-imchur
ac rígraidh fhóid Alman.
Fine Chonchubair a comruc

comlasaid fan Chalbhach.
Soighde lethna ón ágh ar imchur,
slegha ar áth mar aradh.
Anait súd ar losgadh longphort
re goradh chúl calbthad.
Ceilter a áladh con Fhailghech
bántor noco mbarrlass.
Do dherg Caisel do dherg Durlus -
aister is fherr anfadh.
Do-béra fóss lá do Luimnech,
in tráth bus mó in margadh.
Cill Dara gá lá nach lingfedh?
Nás aga do hadhnadh.
Atá tuilledh is ar thuirmes,
cuirther ar an Calbach.
Mac meic Muirchertaigh, bos barrghel,
rosg muinntremail mallghlas,
aithris con macsain ar Murchadh,
do fhalaigh gach annsmacht.
A gemhel ghlúinech ghlas ghailbech
ac snas chúiledh calpthadh.
Fer lé cumthar cís ar coblach,
dá tundtar fín Frangcach.
Scíath brec ina aici ar imchur,
fer scailti scíath n-amlach.
Fer do grís an t-áth gá imthecht,
lámh re sním na samhthach,
fer sleighi go dorn do dergadh,
tonn is treisi anfadh.
Fer le linged brugh a bidhbad,
dá tug inghen annsacht;
derc ar éndath is [in] t-ogradh,
fer lé mbrécthur banntracht.
Mac Gormlaithi, nár fhaem ainchert,
fraech borbthuinde balbus.
Do cuiredh suas don fhód Ultach
lé glór cuach ón Chalbhach.
Faemthar don bosfhada bronntach
Connachta fa chrandchur.
Do coisged leis medhair Muimnech,
freagraid sein in samhrad.
Is deredh d’ossadh na n-Ulltach:
in codladh don Chalbach?
In codladh don Chalbhach?
Clú Mairgred ar cor a caemna,
failmgég nach blodh bríathra,
ben nár chuir eól ar an éra,
cnú beó d’fhuil na n-iarla,
ciab gégach dan hoide Íssa,

croidhe dércach díadha;
ar ól fledh nir thréig a trátha,
ben do réir a ríaghla;
atá sí ar an ceird gá caemna,
is leind bíd a bríathra.